# PRÓTACAL

## i dtaobh na gcoinníollacha agus na socruithe chun Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin a ligean isteach san aontas eorpach

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ go dtiocfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin chun bheith ina gcomhaltaí den Aontas Eorpach an 1 Eanáir 2007;

DE BHRÍ go bhforáiltear in Airteagal I-58 den Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip go mbeidh na coinníollacha agus na socruithe maidir le ligean isteach ina n-ábhar do chomhaontú idir na Ballstáit agus an Stát is iarrthóir;

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

CUID A hAON

## NA PRIONSABAIL

*Airteagal 1*

1. Chun críocha an Phrótacail seo:

— ciallaíonn an abairt 'an Bunreacht' an Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip;

— ciallaíonn an abairt 'Conradh CEFA' an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, mar atá arna fhorlíonadh nó arna leasú le conarthaí nó le gníomhartha eile a tháinig i bhfeidhm roimh an aontachas;

— ciallaíonn an abairt 'Ballstáit láithreacha' Ríocht na Beilge, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éire, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;

— ciallaíonn an abairt 'Ballstáit nua' Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin;

— ciallaíonn an abairt 'na hinstitiúidí' na hinstitiúidí arna mbunú leis an mBunreacht.

2. Tuigfear na tagairtí sa Phrótacal seo don Bhunreacht agus don Aontas, nuair is iomchuí, mar thagairtí do Chonradh CEFA agus don Chomhphobal arna bhunú le Conradh CEFA, faoi seach.

*Airteagal 2*

Amhail ó dháta an aontachais, beidh forálacha an Bhunreachta, Conradh CEFA agus na gníomhartha a ghlac na hinstitiúidí roimh an aontachas ina gceangal ar an mBulgáir agus ar an Rómáin agus beidh siad infheidhme sna Stáit sin faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Bhunreacht, i gConradh CEFA agus sa Phrótacal seo.

*Airteagal 3*

1. Aontaíonn an Bhulgáir agus an Rómáin do na cinntí agus do na comhaontuithe arna nglacadh ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle.

2. Tá an Bhulgáir agus an Rómáin sa staid chéanna leis na Ballstáit láithreacha i leith dearbhuithe nó rún nó seasamh eile ón gComhairle Eorpach nó ón gComhairle, agus ina leith siúd arna nglacadh ag na Ballstáit de thoil a chéile maidir leis an Aontas; dá réir sin urramóidh siad na prionsabail agus na treoirlínte a chineann ó na dearbhuithe, rúin nó seasaimh eile sin agus glacfaidh siad cibé bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad.

3. Aontóidh an Bhulgáir agus an Rómáin do na coinbhinsiúin agus na prótacail atá liostaithe in Iarscríbhinn I. Tiocfaidh na coinbhinsiúin agus na prótacail sin i bhfeidhm i ndáil leis an mBulgáir agus an Rómáin ar dháta arna chinneadh ag an gComhairle sna cinntí dá dtagraítear i mír 4.

4. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, cinntí Eorpacha lena ndéanfar gach oiriúnú is gá de thoradh an aontachais ar na coinbhinsiúin agus na prótacail dá dtagraítear i mír 3 agus déanfaidh sí an téacs arna oiriúnú a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

5. Gabhann an Bhulgáir agus an Rómáin orthu féin, i leith na gcoinbhinsiún agus na bprótacal dá dtagraítear i mír 3, socruithe riaracháin agus eile a thabhairt isteach, ar nós a bhfuil glactha faoi dháta an aontachais ag na Ballstáit láithreacha nó ag an gComhairle, agus comhar praiticiúil a éascú idir institiúidí agus eagraíochtaí de chuid na mBallstát.

6. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, cinntí Eorpacha a ghlacadh lena bhforlíonfar Iarscríbhinn I leis na coinbhinsiúin, na comhaontuithe agus na prótacail sin arna síniú roimh dháta an aontachais.

7. Áirítear ar na hionstraimí sonracha atá luaite san Airteagal seo na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal IV-438 den Bhunreacht.

*Airteagal 4*

1. Forálacha acquis Schengen, dá dtagraítear i bPrótacal Uimh. 17 maidir le acquis Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh atá i gceangal leis an mBunreacht, agus na hionstraimí ag cur le acquis Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, atá liostaithe in Iarscríbhinn II, mar aon le haon ionstraimí breise den sórt sin arna nglacadh roimh dháta an aontachais, beidh siad ina gceangal ar an mBulgáir agus ar an Rómáin agus beidh feidhm acu iontu ó dháta an aontachais.

2. Na forálacha sin de acquis Schengen mar atá arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh agus na hionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile nach dtagraítear dóibh i mír 1, agus iad ina gceangal ar an mBulgáir agus ar an Rómáin ó dháta an aontachais, ní bheidh feidhm acu i ngach ceann de na Stáit sin ach de bhun cinnidh Eorpaigh ón gComhairle chuige sin tar éis fíorú, i gcomhréir le nósanna imeachta infheidhme measúnachta Schengen, go bhfuil na coinníollacha riachtanacha chun gach cuid den acquis i dtrácht a chur i bhfeidhm comhallta sa Stát sin.

Glacfaidh an Chomhairle a cinneadh, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di le haontoilíocht a comhaltaí a ionadaíonn Rialtais na mBallstát a bhfuil na forálacha dá dtagraítear sa mhír seo curtha in éifeacht cheana ina leith agus an ionadaí do Rialtas an Bhallstáit a bhfuil na forálacha sin le cur in éifeacht ina leith. Glacfaidh na comhaltaí den Chomhairle a ionadaíonn Rialtais na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt i gcinneadh den sórt sin a mhéad a bhaineann sé le forálacha acquis Schengen agus na hionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile ina bhfuil na Ballstáit sin rannpháirteach.

*Airteagal 5*

Beidh an Bhulgáir agus an Rómáin rannpháirteach san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ó dháta an aontachais mar Bhallstáit go maolú de réir bhrí Airteagal III-197 den Bhunreacht.

*Airteagal 6*

1. Beidh na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin arna dtabhairt i gcrích nó arna gcur i bhfeidhm go sealadach ag an Aontas le tríú Stát amháin nó níos mó, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le náisiúnach de thríú Stát, ina gceangal ar an mBulgáir agus ar an Rómáin faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Bhunreacht agus sa Phrótacal seo.

2. Gabhann an Bhulgáir agus an Rómáin orthu féin aontú, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal seo, do na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin arna dtabhairt i gcrích nó arna síniú ag an Aontas agus ag na Ballstáit láithreacha, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach.

Déanfar aontachas na Bulgáire agus na Rómáine leis na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin arna dtabhairt i gcrích nó arna síniú ag an Aontas agus ag na Ballstáit láithreacha, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, le tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta áirithe a chomhaontú trí phrótacal arna chur i gceangal le comhaontuithe nó coinbhinsiúin den sórt sin a thabhairt i gcrích idir an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus agus an tríú tír nó na tríú tíortha nó an eagraíocht idirnáisiúnta i dtrácht. Déanfaidh an Coimisiún na prótacail sin a chaibidil thar ceann na mBallstát ar bhonn treoracha caibidlíochta arna bhformheas ag an gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil, agus i gcomhairle le coiste ar a mbeidh ionadaithe na mBallstát. Tíolacfaidh sé dréacht de na prótacail don Chomhairle lena dtabhairt i gcrích.

Tá an nós imeachta seo gan dochar d'fheidhmiú inniúlachtaí dílse an Aontais agus ní dhéanann sé difear do chionroinnt na gcumhachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit i dtaca le comhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích sa todhchaí nó aon leasuithe eile nach mbaineann leis an aontachas.

3. Amhail óna n-aontachas leis na comhaontuithe agus na coinbhinsiúin dá dtagraítear i mír 2, gheobhaidh an Bhulgáir agus an Rómáin na cearta agus na hoibleagáidí céanna faoi na comhaontuithe agus na coinbhinsiúin sin atá ag na Ballstáit láithreacha.

4. Amhail ó dháta an aontachais, agus go dtí go dtiocfaidh na prótacail riachtanacha dá dtagraítear i mír 2 i bhfeidhm, cuirfidh an Bhulgáir agus an Rómáin i bhfeidhm forálacha na gcomhaontuithe nó na gcoinbhinsiún arna dtabhairt i gcrích

go comhpháirteach ag an Aontas agus ag na Ballstáit láithreacha roimh an aontachas, amach ón gcomhaontú maidir le saorghluaiseacht daoine arna thabhairt i gcrích leis an Eilvéis. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin freisin maidir leis na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin sin atá an tAontas agus na Ballstáit láithreacha tar éis comhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach.

Go dtí go dtiocfaidh na prótacail dá dtagraítear i mír 2 i bhfeidhm, déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach mar is iomchuí faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, aon bheart is iomchuí a ghlacadh.

5. Aontóidh an Bhulgáir agus an Rómáin don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí den Ghrúpa Stát san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ([1]), arna shíniú in Cotonou an 23 Meitheamh 2000.

6. Gabhann an Bhulgáir agus an Rómáin orthu féin aontú, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal seo, don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]), i gcomhréir le hAirteagal 128 den Chomhaontú sin.

7. Amhail ó dháta an aontachais, déanfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin na comhaontuithe agus na comhshocraíochtaí déthaobhacha teicstílí arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas le tríú tíortha a chur i bhfeidhm.

Déanfar na srianta cainníochtúla arna gcur i bhfeidhm ag an Aontas ar allmhairí táirgí teicstíle agus éadaigh a oiriúnú chun aontachas na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas a chur san áireamh. Chuige sin, féadfaidh an tAontas leasuithe ar na comhaontuithe agus na comhshocraíochtaí déthaobhacha dá dtagraítear thuas a chaibidil leis na tríú tíortha i dtrácht roimh dháta an aontachais.

Mura mbeidh na leasuithe ar na comhaontuithe agus na comhshocraíochtaí déthaobhacha teicstíle tagtha i bhfeidhm faoi dháta an aontachais, déanfaidh an tAontas na hoiriúnuithe is gá ar a rialacha maidir le táirgí teicstíle agus éadaigh a allmhairiú ó thríú tíortha chun aontachas na Bulgáire agus na Rómáine a chur san áireamh.

8. Déanfar na srianta cainníochtúla ar allmhairí cruach agus táirgí cruach arna gcur i bhfeidhm ag an Aontas a oiriúnú ar bhonn allmhairí na Bulgáire agus na Rómáine sna blianta deireanacha de tháirgí cruach de thionscnamh na dtíortha is soláthraithe i dtrácht.

Chuige sin, déanfar na leasuithe is gá ar na comhaontuithe agus na comhshocraíochtaí déthaobhacha cruach arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas le tríú tíortha a chaibidil roimh dháta an aontachais.

Mura mbeidh na leasuithe ar na comhaontuithe agus na comhshocraíochtaí déthaobhacha tagtha i bhfeidhm faoi dháta an aontachais, beidh feidhm ag forálacha na chéad fhomhíre.

([1]) IO L 317, 15.12.2000, lch. 3.

([2]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

9. Déanfaidh an tAontas na comhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích roimh an aontachas ag an mBulgáir nó ag an Rómáin le tríú tíortha a bhainistiú.

Ní dhéanfar difear do na cearta ná na hoibleagáidí a leanann don Bhulgáir agus don Rómáin ó na comhaontuithe sin i rith na tréimhse a mbeidh forálacha na gcomhaontuithe sin á gcoimeád ar bun go sealadach.

A thúisce is féidir agus ar chaoi ar bith roimh na comhaontuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhul in éag, glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na cinntí iomchuí i ngach cás chun go leanfaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a thig ó na comhaontuithe sin, lena n-áirítear an chaoi chun comhaontuithe áirithe a fhadú go ceann tréimhsí nach mó ná bliain amháin.

10. Le héifeacht ó dháta an aontachais, tarraingeoidh an Bhulgáir agus an Rómáin siar ó aon chomhaontuithe saorthrádála le tríú tíortha, lena n-áirítear Comhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa.

Sa mhéid nach bhfuil na comhaontuithe idir an Bhulgáir, an Rómáin nó an dá Stát sin ar thaobh amháin agus tríú tír amháin nó níos mó ar an taobh eile ag luí leis na hoibleagáidí a thig ón bPrótacal seo, glacfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin gach céim iomchuí chun deireadh a chur leis an neamhluí arna bhunú. Má bhaineann deacrachtaí don Bhulgáir nó don Rómáin le linn oiriúnú a dhéanamh ar chomhaontú arna thabhairt i gcrích roimh an aontachas le tríú tír amháin nó níos mó, tarraingeoidh sí siar ón gcomhaontú sin de réir théarmaí an chomhaontaithe.

11. Faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal seo, aontaíonn an Bhulgáir agus an Rómáin do na comhaontuithe inmheánacha arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit láithreacha chun na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin dá dtagraítear i míreanna 2, 5 agus 6 a chur chun feidhme.

12. Glacfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin, más gá, bearta iomchuí chun a seasamh i ndáil le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus leis na comhaontuithe idirnáisiúnta sin a bhfuil an tAontas nó Ballstáit eile ina bpáirtithe iontu freisin a oiriúnú do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn óna n-aontachas leis an Aontas.

Tarraingeoidh siad siar go háirithe ar dháta an aontachais nó ar an dáta is túisce is féidir ina dhiaidh ó chomhaontuithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta iascaigh ar páirtí iontu freisin an tAontas, mura mbaineann a gcomhaltas le hábhair seachas ábhair iascaigh.

13. Nuair a thagraítear san Airteagal seo do choinbhinsiúin agus do chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích nó arna síniú ag an Aontas, áirítear orthu coinbhinsiúin agus comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal IV-438 den Bhunreacht.

*Airteagal 7*

Féadfar na bearta idirthréimhseacha atá leagtha amach sa Phrótacal seo a aisghairm le dlí Eorpach ón gComhairle, nuair nach mbeidh siad infheidhme a thuilleadh. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

*Airteagal 8*

1. Coinneoidh gníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí lena mbaineann na bearta idirthréimhseacha atá leagtha síos sa Phrótacal seo a stádas dlítheanach; ach go háirithe, leanfaidh na nósanna imeachta chun na gníomhartha sin a leasú d'fheidhm a bheith acu.

2. Na forálacha den Phrótacal seo arb é is aidhm nó is éifeacht dóibh gníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí a aisghairm nó a leasú, seachas mar bheart idirthréimhseach, beidh an stádas dlítheanach céanna acu atá ag na forálacha a aisghairtear nó a leasaítear leo agus beidh siad faoi réir na rialacha céanna leis na forálacha sin.

*Airteagal 9*

Beidh cur i bhfeidhm an Bhunreachta agus na ngníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí faoi réir na maoluithe dá bhforáiltear sa Phrótacal seo, mar bheart idirthréimhseach.

CUID A DÓ

## OIRIÚNUITHE AR AN mBUNREACHT

TEIDEAL I

## FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

*Airteagal 10*

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Airteagal 9 de Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh atá i gceangal leis an mBunreacht agus le Conradh CEFA:

'Nuair a athrófar cuid de na Breithiúna gach trí bliana, athrófar ceithre Bhreitheamh déag agus trí Bhreitheamh déag díobh gach re seach.'.

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 48 de Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh atá i gceangal leis an mBunreacht agus le Conradh CEFA:

'*Airteagal 48*

Seacht mBreitheamh is fiche a bheidh ar an gCúirt Ghinearálta.'.

*Airteagal 11*

Leasaítear leis seo Prótacal Uimh. 5 ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, atá i gceangal leis an mBunreacht, mar a leanas:

1. Sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(1):

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'1. Is é is caipiteal don Bhanc EUR 164 795 737 000, arna shuibscríobh ag na Ballstáit mar a leanas (*):

(*) Is táscach iad na figiúirí don Bhulgáir agus don Rómáin agus tá siad bunaithe ar na sonraí do 2003 atá foilsithe ag Eurostat.';

(b) cuirtear isteach an méid seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann le hÉirinn agus leis an tSlóvaic:

'An Rómáin 846 000 000';

agus

(c) cuirtear isteach an méid seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann leis an tSlóivéin agus leis an Liotuáin:

'An Bhulgáir 296 000 000'.

2. In Airteagal 9(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, an dara fomhír agus an tríú fomhír:

'2. Ocht stiúrthóir is fiche agus ocht stiúrthóir malartacha déag a bheidh ar an mBord Stiúrthóirí.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na stiúrthóirí a cheapadh go ceann cúig bliana, stiúrthóir amháin arna ainmniú ag gach Ballstát. Ainmneoidh an Coimisiún stiúrthóir amháin freisin.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na stiúrthóirí malartacha a cheapadh go ceann cúig bliana, mar a thaispeántar thíos:

— beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine,

— beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince,

— beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile,

— beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,

— malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Spáinne agus ag Poblacht na Portaingéile,

— malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Beilge, ag Ard-Diúcacht Lucsamburg agus ag Ríocht na hÍsiltíre,

— beirt mhalartach arna n-ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Danmhairge, ag an bPoblacht Heilléanach, ag Éirinn agus ag an Rómáin,

— beirt mhalartach arna n-ainmniú de thoil a chéile ag Poblacht na hEastóine, ag Poblacht na Laitvia, ag Poblacht na Liotuáine, ag Poblacht na hOstaire, ag Poblacht na Fionlainne agus ag Ríocht na Sualainne,

— triúr malartach arna n-ainmniú de thoil a chéile ag Poblacht na Bulgáire, ag Poblacht na Seice, ag Poblacht na Cipire, ag Poblacht na hUngáire, ag Poblacht Mhálta, ag Poblacht na Polainne, ag Poblacht na Slóivéine agus ag Poblacht na Slóvaice,

— malartach amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún.'.

*Airteagal 12*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 134(2) de Chonradh CEFA maidir le comhdhéanamh an Choiste Eolaíoch agus Theicniúil:

'2. Comhalta is daichead a bheidh ar an gCoiste agus is í an Chomhairle a cheapfaidh iad tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.'

TEIDEAL II

**OIRIÚNUITHE EILE**

*Airteagal 13*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deiridh d'Airteagal III-157(1) den Bhunreacht:

'Maidir le srianta atá ann faoin dlí náisiúnta sa Bhulgáir, san Eastóin agus san Ungáir, is é an 31 Nollaig 1999 an dáta i dtrácht.'

*Airteagal 14*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal IV-440(1) den Bhunreacht:

'1. Beidh feidhm ag an gConradh seo maidir le Ríocht na Beilge, le Poblacht na Bulgáire, le Poblacht na Seice, le Ríocht na Danmhairge, le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, le Poblacht na hEastóine, leis an bPoblacht Heilléanach, le Ríocht na Spáinne, le Poblacht na Fraince, le hÉirinn, le Poblacht na hIodáile, le Poblacht na Cipire, le

Poblacht na Laitvia, le Poblacht na Liotuáine, le hArd-Diúcacht Lucsamburg, le Poblacht na hUngáire, le Poblacht Mhálta, le Ríocht na hÍsiltíre, le Poblacht na hOstaire, le Poblacht na Polainne, le Poblacht na Portaingéile, leis an Rómáin, le Poblacht na Slóivéine, le Poblacht na Slóvaice, le Poblacht na Fionlainne, le Ríocht na Sualainne agus le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.'

*Airteagal 15*

1. Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal IV-448(1) den Bhunreacht:

'De bhun an Chonartha Aontachais, is téacsanna údarásacha iad freisin na leaganacha den Chonradh seo sa Bhulgáiris agus sa Rómáinis.'

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 225 de Chonradh CEFA:

'Beidh comhúdarás freisin ag na leaganacha den Chonradh seo sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Ghaeilge, sa Ghréigis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, agus san Ungáiris.'

CUID A TRÍ

## BUANFHORÁLACHA

TEIDEAL I

### OIRIÚNUITHE AR GHNÍOMHARTHA ARNA nGLACADH AG NA hINSTITIÚIDÍ

*Airteagal 16*

Déanfar na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal seo a oiriúnú mar atá sonraithe san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 17*

Déanfar na hoiriúnuithe is gá de thoradh an aontachais ar na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an bPrótacal seo a tharraingt suas ar cothrom leis na treoirlínte atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin.

TEIDEAL II

### FORÁLACHA EILE

*Airteagal 18*

Déanfar na bearta atá liostaithe in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an bPrótacal seo a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 19*

Na hoiriúnuithe ar na forálacha den Phrótacal seo a bhaineann leis na gcomhbheartas talmhaíochta a fhéadfaidh a bheith riachtanach de bharr modhnú ar dhlí an Aontais, féadfar iad a dhéanamh le dlí Eorpach ón gComhairle. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

CUID A CEATHAIR

# FORÁLACHA SEALADACHA

TEIDEAL I

## BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA

*Airteagal 20*

Beidh na bearta atá liostaithe in Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann leis an bPrótacal seo infheidhme maidir leis an mBulgáir agus maidir leis an Rómáin faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna Iarscríbhinní sin.

TEIDEAL II

## FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

*Airteagal 21*

1. Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 1(2) de Phrótacal Uimh. 34 maidir le forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais, atá i gceangal leis an mBunreacht agus le Conradh CEFA:

'De mhaolú ar an líon uasta de chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa arna shocrú in Airteagal I-20(2) den Bhunreacht, méadófar ar líon chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa chun aontachas na Bulgáire agus na Rómáine a chur san áireamh leis an líon comhaltaí seo a leanas ó na tíortha sin i rith na tréimhse ó dháta an aontachais go dtí tús théarma 2009-2014 de Pharlaimint na hEorpa:

An Bhulgáir 18

An Rómáin 35'.

2. Roimh an 31 Nollaig 2007, déanfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin araon toghchán trí vótáil chomhchoiteann dhíreach a saoránach a chur ar siúl do Pharlaimint na hEorpa don líon ionadaithe atá socraithe i mír 1, i gcomhréir le forálacha na hIonstraime maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach ([1]).

3. De mhaolú ar Airteagal I-20(3) den Bhunreacht, más i ndiaidh dháta an aontachais a chuirfear na toghcháin ar siúl, is iad Parlaimintí na Bulgáire agus na Rómáine a cheapfaidh as a líon féin comhaltaí Pharlaimint na hEorpa a ionadóidh saoránaigh na Stát sin i bParlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis an nós imeachta arna leagan síos ag gach ceann de na Stáit sin, go ceann na tréimhse ó dháta an aontachais go dtí gach ceann de na toghcháin dá dtagraítear i mír 2.

*Airteagal 22*

1. Sa dara fomhír d'Airteagal 2(2) de Phrótacal Uimh. 34 maidir le forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais, atá i gceangal leis an mBunreacht agus le Conradh CEFA, cuirtear isteach an méid seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann leis an mBeilg agus le Poblacht na Seice:

'An Bhulgáir 10'

agus an méid seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann leis an bPortaingéil agus leis an tSlóivéin:

'An Rómáin 14'.

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír d'Airteagal 2(2) de Phrótacal Uimh. 34 maidir le forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais, atá i gceangal leis an mBunreacht agus le Conradh CEFA:

'Glacfar gníomhartha má bhíonn cuid nach lú ná 255 vóta i bhfabhar atá in ionannas le tromlach de na comhaltaí nuair is gá faoin mBunreacht iad a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún. I gcásanna eile glacfar cinntí má tá cuid nach lú ná 255 vóta i bhfabhar atá in ionannas le

([1]) IO L 278, 8.10.1976, lch. 5. Ionstraim mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh 2002/772/CE, CEFA ón gComhairle (IO L 283, 21.10.2002, lch. 1).

dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí.'.

*Airteagal 23*

In Airteagal 6 de Phrótacal Uimh. 34 maidir le forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais, atá i gceangal leis an mBunreacht agus le Conradh CEFA, cuirtear isteach an méid seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann leis an mBeilg agus le Poblacht na Seice:

'An Bhulgáir 12'

agus an méid seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann leis an bPortaingéil agus leis an tSlóivéin:

'An Rómáin 15'.

*Airteagal 24*

In Airteagal 7 de Phrótacal Uimh. 34 maidir le forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais, atá i gceangal leis an mBunreacht agus le Conradh CEFA, cuirtear isteach an méid seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann leis an mBeilg agus le Poblacht na Seice:

'An Bhulgáir 12',

agus an méid seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann leis an bPortaingéil agus leis an tSlóivéin:

'An Rómáin 15'.

TEIDEAL III

## FORÁLACHA AIRGEADAIS

*Airteagal 25*

1. Ó dháta an aontachais, íocfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin na méideanna seo a leanas a fhreagraíonn dá scair den chaipiteal suibscríofa mar atá sé sainithe in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 5 ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, atá i gceangal leis an mBunreacht ([1]):

An Bhulgáir EUR 14 800 000
An Rómáin EUR 42 300 000.

Íocfar na ranníocaíochtaí sin ina n-ocht dtráthchuid chomhionanna a bheidh dlite an 31 Bealtaine 2007, 31 Bealtaine 2008, 31 Bealtaine 2009, 30 Samhain 2009, 31 Bealtaine 2010, 30 Samhain 2010, 31 Bealtaine 2011 agus 30 Samhain 2011.

2. Ranníocfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin, in ocht dtráthchuid chomhionanna a bheidh dlite ar na dátaí dá dtagraítear i mír 1, do na cúlchistí agus do na soláthairtí is coibhéiseach le cúlchistí, mar aon leis an méid atá le leithreasú fós do na cúlchistí agus soláthairtí, a chuimsíonn iarmhéid an chuntais sochair agus dochair, arna mbunú ag deireadh na míosa roimh an aontachas, mar atá siad iontráilte i gclár comhardaithe an Bhainc, i méideanna a fhreagraíonn do na céatadáin seo a leanas de na cúlchistí agus soláthairtí ([1]):

An Bhulgáir 0,181 %
An Rómáin 0,517 %.

3. An caipiteal agus na híocaíochtaí dá bhforáilteari míreanna 1 agus 2, íocfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin iad in airgead tirim in euro ach amháin i gcás maolaithe arna chinneadh d'aon toil ag an mBord Gobharnóirí.

*Airteagal 26*

1. Íocfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin na méideanna seo a leanas leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach dá dtagraítear i gCinneadh 2002/234/CEGC ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 27 Feabhra 2002 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde do Ghual agus Cruach ([2]):

| | *(EUR milliún, praghsanna reatha)* |
|---|---|
| An Bhulgáir | 11,95 |
| An Rómáin | 29,88. |

2. Íocfar na ranníocaíochtaí sin don Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ina gceithre thráthchuid ag tosú i 2009 agus íocfar mar a leanas iad, i ngach cás ar an gcéad lá oibre

([1]) Is táscach iad na figiúirí atá luaite agus tá siad bunaithe ar na sonraí do 2003 atá foilsithe ag Eurostat.

([2]) IO L 79, 22.3.2002, lch. 42.

den chéad mhí de gach bliain:

2009: 15 %
2010: 20 %
2011: 30 %
2012: 35 %.

*Airteagal 27*

1. Déanfaidh gníomhaireachtaí cur chun feidhme sa Bhulgáir agus sa Rómáin bainistiú amhail ó dháta an aontachais ar thairiscint, ar chonraitheoireacht, ar chur chun feidhme agus ar íocaíochtaí do chúnamh réamhaontachais faoi chlár Phare ([1]) agus faoi chlár Phare CTT ([2]) agus do chúnamh faoin Áis Trasdula dá dtagraítear in Airteagal 31.

Déanfar rialú ex-ante ag an gCoimisiún ar thairiscint agus ar chonraitheoireacht a tharscaoileadh le cinneadh ón gCoimisiún chuige sin, tar éis nós imeachta creidiúnaithe arna sheoladh ag an gCoimisiún agus tar éis Córais Fhadaithe Dhílárnaithe Cur chun Feidhme (CFDCF) arna mheasúnú go dearfach, i gcomhréir leis na critéir agus na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1266/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 maidir le cabhair le haghaidh na dtíortha iarrthacha a chomhordú faoi chuimse na straitéise réamhaontachais agus ag leasú Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89 ([3]) agus in Airteagal 164 den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach ([4]).

Mura mbeidh an cinneadh sin ón gCoimisiún rialú ex-ante a tharscaoileadh glactha roimh dháta an aontachais, ní bheidh aon chonarthaí arna síniú idir dáta an aontachais agus an dáta a nglacfar an cinneadh ón gCoimisiún cáilithe do chúnamh réamhaontachais.

Ar a shon sin, ar dhóigh eisceachtúil, má chuirtear moill ar an gcinneadh ón gCoimisiún rialú ex-ante a tharscaoileadh thar dháta an aontachais ar chúiseanna nach bhfuil inchurtha i leith údaráis na Bulgáire ná na Rómáine, féadfaidh an Coimisiún, i gcásanna a bhfuil call cuí leo, glacadh leis go bhfuil cáilitheacht do chúnamh réamhaontachais ag conarthaí arna síniú idir dáta an aontachais agus dáta an chinnidh ón gCoimisiún agus go leantar den chabhair réamhaontachais a chur chun feidhme ar feadh tréimhse teoranta, faoi réir rialú ex-ante ag an gCoimisiún ar thairiscint agus ar chonraitheoireacht.

2. Gealltanais bhuiséadacha arna nglacadh roimh an aontachas faoi na hionstraimí airgeadais réamhaontachais dá dtagraítear i mír 1 mar aon leo siúd arna nglacadh tar éis an aontachais faoin Áis Trasdula dá dtagraítear in Airteagal 31, lena n-áirítear gealltanais dhlítheanacha leithleacha arna ndéanamh ina dhiaidh sin agus íocaíochtaí arna ndéanamh tar éis an aontachais a thabhairt i gcrích agus a chlárú, leanfaidh siad de bheith faoi rialú ag rialacha agus rialacháin na n-ionstraimí maoinithe réamhaontachais agus de bheith á muirearú ar na caibidlí buiséadacha comhfhreagracha go dtí go gcuirfear an clabhsúr ar na cláir agus na tionscadail i dtrácht. Dá ainneoin sin, déanfar nósanna imeachta um sholáthar poiblí arna dtionscnamh i ndiaidh an aontachais a chur i gcrích i gcomhréir leis na forálacha Aontais ábhartha.

3. Déanfar an clárú deireanach don chúnamh réamhaontachais dá dtagraítear i mír 1 sa bhliain dheireanach roimh an aontachas. Caithfear conraitheoireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí faoi na cláir sin laistigh den dá bhliain a leanfaidh. Ní dhéanfar aon fhaduithe a dheonú don tréimhse chonraitheoireachta. Go heisceachtúil agus i gcásanna a bhfuil call cuí leo, deonófar faduithe teoranta ó thaobh a ré chun conarthaí a chomhlíonadh.

Dá ainneoin sin, féadfar gealltanais a dhéanamh sa chéad dá bhliain tar éis an aontachais i leith cistí réamhaontachais chun costais riaracháin, mar atá sainithe i mír 4, a chumhdach. I dtaca le costais iniúchóireachta agus measúnachta, féadfar gealltanais a dhéanamh suas go cúig bliana tar éis an aontachais i leith cistí réamhaontachais.

4. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar an céimniú amach is gá ar na hionstraimí airgeadais réamhaontachais dá dtagraítear i mír 1 mar aon le clár ISPA ([5]), féadfaidh an Coimisiún gach beart is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcoimeádfar an fhoireann reachtúil is gá ar bun sa Bhulgáir agus sa Rómáin ar feadh naoi mí dhéag ar a mhéad i ndiaidh an aontachais. I rith na tréimhse sin, oifigigh, foireann shealadach agus foireann chonarthach arna sannadh chuig poist sa Bhulgáir agus sa Rómáin roimh an aontachas a gcuirfear d'iallach orthu fanacht i seirbhís sna Stáit sin tar éis dháta an aontachais, tairbheoidh siad, go heisceachtúil, de na dálaí céanna airgeadais agus ábhartha a bhí arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún roimh an aontachas i gcomhréir le Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal sin atá leagtha síos i Rialachán (CEE, CEFA, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([6]). Déanfar an caiteachas riaracháin, lena n-áirítear tuarastail le haghaidh foirne riachtanaí eile, a fholú faoin gceannteideal 'Céimniú amach cúnaimh réamhaontachais le

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89 ón gComhairle an 18.12.1989 maidir le cabhair eacnamaíoch do thíortha áirithe Lár agus Oirthear na hEorpa (IO L 375, 23.12.1989, lch. 11). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 769/2004 (IO L 123, 27.4.2004, lch. 1).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 2760/98 ón gCoimisiún an 18.12.1998 maidir le clár um chomhar trasteorann a chur chun feidhme faoi chuimsiú Chlár PHARE (IO L 345, 19.12.1998, lch. 49). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1822/2003 (IO L 267, 17.10.2003, lch. 9).

([3]) IO L 161, 26.6.1999, lch. 68.

([4]) Rialachán (CE, CEFA) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25.6.2002 (IO L 248, 16.9.2002, lch. 1).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1267/1999 ón gComhairle an 21.6.1999 ag bunú Ionstraime le haghaidh Beartas Struchtúrach Réamhaontachais (IO L 161, 26.6.1999, lch. 73). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 769/2004 (IO L 123, 27.4.2004, lch. 1).

([6]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE, CEFA) Uimh. 723/2004 ón gComhairle (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1).

haghaidh Ballstát nua' nó a choibhéis faoin réimse iomchuí beartais de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a bhaineann le méadú.

*Airteagal 28*

1. Bearta a bheidh, ar dháta an aontachais, tar éis a bheith ina n-ábhar do chinntí maidir le cúnamh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1267/1999 ón gComhairle ag bunú Ionstraime le haghaidh Beartas Struchtúrach Réamhaontachais agus nach mbeidh a gcur chun feidhme críochnaithe faoin dáta sin, measfar go bhfuil siad formheasta ag an gCoimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 1164/94 ón gComhairle an 16 Bealtaine 1994 ag bunú Ciste Comhtháthaithe ([1]). Méideanna a gcaithfear fós gealltanais a dhéanamh ina leith d'fhonn bearta den sórt sin a chur chun feidhme, déanfar gealltanais ina leith faoin Rialachán maidir leis an gCiste Comhtháthaithe a bheidh i bhfeidhm ar dháta an aontachais agus déanfar iad a chionroinnt don chaibidil a fhreagraíonn don Rialachán sin faoi bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Mura sonraítear a mhalairt i míreanna 2 go 5, beidh feidhm maidir leis na bearta arna bhformheas de bhun an Rialacháin déanaigh ag na forálacha a rialaíonn a gcur chun feidhme.

2. Aon nós imeachta soláthair a bhaineann le beart dá dtagraítear i mír 1 a bheidh cheana ar dháta an aontachais tar éis a bheith ina ábhar do chuireadh do thairiscint arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha arna leagan síos sa chuireadh sin do thairiscint. Ní bheidh feidhm, áfach, ag na forálacha in Airteagal 165 den Rialachán Airgeadais atá infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach. Aon nós imeachta soláthair a bhaineann le beart dá dtagraítear i mír 1 nach mbeidh fós ina ábhar do chuireadh do thairiscint arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, luífidh sé le forálacha an Bhunreachta, leis na gníomhartha arna nglacadh dá bhun agus le beartais an Aontais, lena n-áirítear beartais a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, le hiompar, le gréasáin thraseorpacha, le hiomaíocht agus le dámhachtain conarthaí poiblí.

3. Déanfar íocaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún faoi bheart dá dtagraítear i mír 1 a bhreacadh don ghealltanas oscailte is túisce arna dhéanamh i dtosach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1267/1999 agus ina dhiaidh sin de bhun an Rialacháin a bhaineann leis an gCiste Comhtháthaithe agus atá i bhfeidhm an tráth sin.

4. I dtaca leis na bearta dá dtagraítear i mír 1, leanfaidh na rialacha a rialaíonn cáilitheacht chaiteachais de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1267/1999 de bheith infheidhme, ach amháin i gcásanna a bhfuil call cuí leo agus a gcinnfidh an Coimisiún ina leith arna iarraidh sin don Bhallstát i dtrácht.

5. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, i gcásanna eisceachtúla a bhfuil call cuí leo, eisceachtaí sonracha a údarú ó na rialacha is infheidhme de bhun an Rialacháin a bhaineann leis an gCiste Comhtháthaithe agus atá i bhfeidhm ar dháta an aontachais i gcás na mbeart dá dtagraítear i mír 1.

([1]) IO L 130, 25.5.1994, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).

*Airteagal 29*

Nuair a théann an tréimhse le haghaidh gealltanas ilbhliantúil arna ndéanamh faoi chlár SAPARD ([2]) i dtaca le coillteoireacht talún talmhaíochta, tacaíocht do ghrúpaí táirgeoirí nó scéimeanna talamh-chomhshaoil thar an dáta deireanach is incheadaithe d'íocaíochtaí faoi SAPARD, cumhdófar na gealltanais gan íoc laistigh de chlár forbartha tuaithe 2007-2013. Más gá bearta idirthréimhseacha sonracha i dtaca leis sin, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 50(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 ag leagan síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha ([3]).

*Airteagal 30*

1. Agus í tar éis Aonad 1 agus Aonad 2 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Kozloduy a dhúnadh — i gcomhréir lena gealltanais — go críochnaitheach roimh dheireadh na bliana 2003 le haghaidh díchoimisiúnú iardain, gabhann an Bhulgáir ar láimh Aonad 3 agus Aonad 4 den ghléasra sin a dhúnadh go críochnaitheach i 2006 agus iad a dhíchoimisiúnú iardain.

2. I rith na tréimhse 2007-2009, soláthróidh an Comhphobal cúnamh airgeadais don Bhulgáir d'fhonn tacú lena hiarrachtaí chun Aonaid 1 go 4 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Kozloduy a dhíchoimisiúnú agus chun déileáil le hiarmhairtí a ndúnta agus a ndíchoimisiúnaithe.

Folóidh an cúnamh, inter alia: bearta tacaíochta do dhíchoimisiúnú Aonaid 1 go 4 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Kozloduy; bearta um uasghrádú comhshaoil ar cothrom leis an acquis; bearta chun na hearnálacha táirgeachta, idirthurais agus dáileacháin fuinnimh ghnásúil sa Bhulgáir a nuachóiriú; bearta chun feabhas a chur ar an éifeachtacht fuinnimh, chun cur le húsáid foinsí inathnuaite fuinnimh agus chun feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh.

Don tréimhse 2007-2009, is é EUR 210 milliún (praghsanna 2004) méid an chúnaimh i leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí a ndéanfar gealltanas ina leith i dtráinsí bliantúla cothroma EUR 70 milliún (praghsanna 2004).

Cuirfear an cúnamh, nó codanna de, ar fáil mar ranníocaíocht Chomhphobail do Chiste Idirnáisiúnta Tacaíochta um Dhích-

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1268/1999 ón gComhairle an 21.6.1999 maidir le tacaíocht Chomhphobail do bhearta réamhaontachais le haghaidh talmhaíochta agus forbartha tuaithe i dtíortha iarrthacha Lár agus Oirthear na hEorpa sa tréimhse réamhaontachais (IO L 161, 26.6.1999, lch. 87). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 2008/2004 (IO L 349, 25.11.2004, lch. 12).

([3]) IO L 161, 26.6.1999, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).

oimisiúnú Kozloduy, arna bhainistiú ag an mBanc Eorpach Atógála agus Forbartha.

3. Féadfaidh an Coimisiún rialacha a ghlacadh chun an cúnamh dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme. Glacfar na rialacha i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún ([1]). Chuige sin, beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh feidhm ag Airteagail 4 agus 7 de Chinneadh 1999/468/CE. Is sé seachtaine a bheidh sa tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 4(3) de Chinneadh 1999/468/CE. Glacfaidh an coiste a rialacha nós imeachta.

*Aiteagal 31*

1. Ar feadh na chéad bhliana den aontachas, soláthróidh an tAontas cúnamh airgeadais sealadach, dá ngairtear an 'Áis Trasdula' anseo feasta, le haghaidh na Bulgáire agus na Rómáine ar mhaithe lena gcumas riaracháin agus breithiúnach a fhorbairt agus a neartú chun dlí an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus ar mhaithe le malartú dea-chleachtais idir piaraí. Cisteoidh an cúnamh sin tionscadail tógála institiúidí agus infheistíochtaí teoranta ar an mionchóir atá coimhdeach leo.

2. Cuirfear cúnamh ar fáil chun díriú ar an ngá leanúnach atá ann cumas institiúideach a neartú i réimsí áirithe trí ghníomhaíocht nach féidir a mhaoiniú trí na Cistí Struchtúracha ná trí na Cistí Forbartha Tuaithe.

3. I gcás tionscadal um nascadh idir riaracháin phoiblí d'fhonn institiúidí a thógáil, leanfaidh an nós imeachta chun tograí a ghlaoch trí ghréasán na bpointí tadhaill sna Ballstáit d'fheidhm a bheith aige, mar atá bunaithe sna Comhaontuithe Réime leis na Ballstáit chun críocha cúnaimh réamhaontachais.

Is é EUR 82 milliún, ag praghsanna 2004, na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí don Áis Trasdula don Bhulgáir agus don Rómáin sa chéad bhliain tar éis an aontachais chun déileáil le tosaíochtaí náisiúnta agus cothrománacha. Údaróidh an t-údarás buiséadach na leithreasaí laistigh de theorainneacha na peirspictíochta airgeadais.

4. Déanfar cúnamh faoin Áis Trasdula a chinneadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89 ón gComhairle maidir le cabhair eacnamaíoch do thíortha áirithe Lár agus Oirthear na hEorpa.

*Airteagal 32*

1. Cruthaítear leis seo Áis Sreafa Airgid Thirim agus Schengen mar ionstraim shealadach d'fhonn cuidiú leis an mBulgáir agus leis an Rómáin idir dáta an aontachais agus deireadh 2009 chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú ag teorainneacha seachtracha nua an Aontais d'fhonn acquis Schengen agus rialú teorainneacha seachtracha a chur chun feidhme agus chun feabhas a chur ar shreabhadh airgid thirim i mbuiséid náisiúnta.

2. Le haghaidh na tréimhse 2007-2009, cuirfear na méideanna seo a leanas (praghsanna 2004) ar fáil don Bhulgáir agus don Rómáin i bhfoirm íocaíochtaí cnapshuime faoi Áis Sreafa shealadach Airgid Thirim agus Schengen:

*(EUR milliún, praghsanna 2004)*

| | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|
| An Bhulgáir | 121,8 | 59,1 | 58,6 |
| An Rómáin | 297,2 | 131,8 | 130,8 |

3. Úsáidfear 50 % ar a laghad de chionroinnt gach tíre faoi Áis Sreafa shealadach Airgid Thirim agus Schengen chun tacú leis na mBulgáir agus leis an Rómáin ina n-oibleagáid gníomhaíochtaí a mhaoiniú ag teorainneacha seachtracha nua an Aontais d'fhonn acquis Schengen agus rialú teorainneacha seachtracha a chur chun feidhme.

4. Beidh an dóú cuid de gach méid bliantúil le híoc leis an mBulgáir agus leis an Rómáin ar an gcéad lá oibre de gach mí sa bhliain chomhfhreagrach. Úsáidfear na híocaíochtaí cnapshuime laistigh de thrí bliana ón gcéad íocaíocht. Tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an tréimhse sin trí bliana a dhul in éag, déanfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin tuarascáil chuimsitheach a thíolacadh ar fheidhmiú airgeadais na n-íocaíochtaí cnapshuime faoi chuid Schengen d'Áis Sreafa shealadach Airgid Thirim agus Schengen maille le ráiteas ag fírinniú an chaiteachais. Aisghabhfaidh an Coimisiún aon chistí gan caitheamh nó arna gcaitheamh gan chall.

5. Féadfaidh an Coimisiún aon fhorálacha teicniúla a ghlacadh is gá chun Áis Sreafa shealadach Airgid Thirim agus Schengen a oibriú.

([1]) IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

*Airteagal 33*

1. Gan dochar do chinntí beartais sa todhchaí, is mar a leanas a bheidh na leithreasaí foriomlána faoi chomhair oibleagáidí le haghaidh gníomhaíochtaí struchtúracha a chuirfear ar fáil don Bhulgáir agus don Rómáin don tréimhse trí bliana 2007-2009:

*(EUR milliún, praghsanna 2004)*

| | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|
| An Bhulgáir | 539 | 759 | 1 002 |
| An Rómáin | 1 399 | 1 972 | 2 603 |

2. I rith na dtrí bliana 2007-2009, déanfar raon feidhme agus cineál na n-idirghabhálacha laistigh de na holl-chionranna náisiúnta arna socrú do na tíortha sin a chinneadh ar bhonn na bhforálacha a bheidh infheidhme an tráth sin maidir le caiteachas ar ghníomhaíochtaí struchtúracha.

*Airteagal 34*

1. De bhreis ar na rialacháin a bhaineann le forbairt na tuaithe agus atá i bhfeidhm ar dháta an aontachais, beidh feidhm maidir leis an mBulgáir agus maidir leis an Rómáin ag na forálacha atá leagtha síos i Ranna I go III d'Iarscríbhinn VIII don tréimhse 2007-2009 agus beidh feidhm maidir leis an mBulgáir agus maidir leis an Rómáin ag na forálacha airgeadais sonracha atá leagtha síos i Roinn IV d'Iarscríbhinn VIII i rith na tréimhse cláraithe 2007-2013.

2. Gan dochar do chinntí beartais sa todhchaí, is é EUR 3 041 milliún (praghsanna 2004) a bheidh sna leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí ó Roinn Rathaíochta CETRT le haghaidh fhorbairt na tuaithe don Bhulgáir agus don Rómáin don tréimhse trí bliana 2007-2009

3. Déanfar rialacha cur chun feidhme do chur i bhfeidhm fhorálacha Iarscríbhinn VIII a ghlacadh, nuair is gá sin, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 50 (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999.

4. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, oiriúnuithe ar fhorálacha Iarscríbhinn VIII nuair is gá sin chun comhchuibheas a áirithiú leis na rialacháin a bhaineann le forbairt na tuaithe.

*Airteagal 35*

Déanfaidh an Coimisiún na méideanna dá dtagraítear in Airteagail 30, 31, 32, 33 agus 34 a oiriúnú gach bliain ar cothrom le gluaiseachtaí praghsanna mar chuid de na hoiriúnuithe teicniúla bliantúla ar an bpeirspictíocht airgeadais.

TEIDEAL IV

**FORÁLACHA EILE**

*Airteagal 36*

1. Más rud é, go dtí deireadh tréimhse suas go trí bliana tar éis an aontachais, go dtagann deacrachtaí chun cinn atá tromchúiseach agus gur dóigh go seasfaidh siad in aon earnáil den gheilleagar nó go dtagann deacrachtaí chun cinn a d'fhéadfadh trochlú tromchúiseach a thabhairt i gcion ar staid eacnamaíoch limistéir áirithe, féadfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin údarú a iarraidh bearta cosanta a ghlacadh d'fhonn an staid sin a cheartú agus an earnáil i dtrácht a choigeartú do gheilleagar an mhargaidh inmheánaigh.

Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, sna himthosca céanna, údarú a iarraidh bearta cosanta a ghlacadh i dtaca leis an mBulgáir, leis an Rómáin nó leis an dá Stát sin.

2. Arna iarraidh sin don Stát i dtrácht, déanfaidh an Coimisiún, trí nós imeachta éigeandála na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha a ghlacadh lena mbunófar na bearta cosanta a mheasfaidh sé is gá agus sonróidh sé coinníollacha agus rialacha mionsonraithe a gcur in éifeacht.

I gcás deacrachtaí eacnamaíocha tromchúiseacha agus arna iarraidh sin go sainráite don Bhallstát i dtrácht, gníomhóidh an Coimisiún laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh, maille leis an eolas cúlra ábhartha, a fháil. Beidh na bearta arna gcinneadh amhlaidh infheidhme láithreach, tabharfaidh siad aird ar leas na bpáirtithe uile i dtrácht agus ní bhéarfaidh siad rialuithe teorann.

3. Féadfaidh na bearta atá údaraithe faoi mhír 2 maoluithe a thabhairt ar rialacha an Bhunreachta agus go háirithe ar an bPrótacal seo, go feadh méid agus go ceann tréimhsí atá fíor-riachtanach chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a ghnóthú. Tabharfar tosaíocht do cibé bearta is lú a shuaithfidh oibriú an mhargaidh inmheánaigh.

*Airteagal 37*

Má tá an Bhulgáir nó an Rómáin tar éis mainneachtain gealltanais arna nglacadh ar láimh i gcomhthéacs na gcaibidlí aontachais a chur chun feidhme, agus gur cúis é sin le sárú tromchúiseach ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh, lena

n-áirítear aon ghealltanais i dtaca leis na beartais earnálacha uile a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil éifeacht trasteorann acu, nó gur cúis é le garbhaol go mbeidh sárú den sórt sin ann, féadfaidh an Coimisiún, go dtí deireadh tréimhse suas go trí bliana tar éis an aontachais, rialacháin Eorpacha nó cinntí Eorpacha lena mbunófar bearta iomchuí a ghlacadh, arna iarraidh sin go réasúnaithe do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin.

Beidh na bearta comhréireach agus tabharfar tosaíocht do bhearta is lú a shuaithfidh oibriú an mhargaidh inmheánaigh agus, nuair is iomchuí, do chur i bhfeidhm na sásraí coimirce earnálacha atá ann. Ní agrófar na bearta coimirce sin le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar an trádáil idir Ballstáit. Féadfar an clásal coimirce a agairt fiú roimh an aontachas ar bhonn chonclúidí an fhaireacháin agus tiocfaidh na bearta arna nglacadh i bhfeidhm amhail ó chéad lá an aontachais mura bhforálfar iontu do dháta níos déanaí. Ní choimeádfar na bearta ar bun níos faide ná mar is fíorghá agus, ar aon chuma, foirceannfar iad nuair a chuirfear an gealltanas ábhartha chun feidhme. Féadfar iad a chur i bhfeidhm, áfach, thar an tréimhse atá sonraithe sa chéad mhír fad nach bhfuil na gealltanais ábhartha comhallta. Mar fhreagra ar dhul chun cinn arna dhéanamh ag an mBallstát nua i dtrácht i gcomhall a ghealltanas, féadfaidh an Coimisiún na bearta a oiriúnú mar is iomchuí. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas in am trátha sula ndéanfaidh sé na rialacháin Eorpacha agus na cinntí Eorpacha lena mbunófar na bearta coimirce a chúlghairm agus tabharfaidh sé aird chuí ar aon bharúlacha ón gComhairle i dtaca leis sin.

*Airteagal 38*

Cinntí réime nó aon ghealltanas ábhartha eile, aon ionstraim ábhartha eile comhair agus aon chinneadh ábhartha eile a bhaineann le haitheantas frithpháirteach i réimse an dlí choiriúil faoi Theideal VI den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Treoracha agus Rialacháin a bhaineann le haitheantas frithpháirteach in ábhair shibhialta faoi Theideal IV den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus dlíthe Eorpacha agus dlíthe réime Eorpacha arna nglacadh ar bhonn Ranna 3 agus 4 de Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht, má tá easnaimh thromchúiseacha ann sa Bhulgáir nó sa Rómáin nó aon gharbhaol go mbeidh easnaimh den sórt sin ann ina dtrasuí, i staid a gcur chun feidhme, nó ina gcur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún, go dtí deireadh tréimhse suas go trí bliana tar éis an aontachais, rialacháin Eorpacha nó cinntí Eorpacha lena mbunófar bearta iomchuí a ghlacadh agus na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe faoina gcuirfear na bearta sin in éifeacht a shonrú, arna iarraidh sin go réasúnaithe do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin agus tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit.

Féadfaidh na bearta sin a bheith i bhfoirm fionraíochta sealadaí ar chur i bhfeidhm na bhforálacha agus na gcinntí ábhartha sa chaidreamh idir an Bhulgáir nó an Rómáin agus aon Bhallstát nó Ballstáit eile, gan dochar do leanúint de dhlúthchomhar breithiúnach. Féadfar an clásal coimirce a agairt fiú roimh an aontachas ar bhonn chonclúidí an fhaireacháin agus tiocfaidh na bearta arna nglacadh i bhfeidhm amhail ó chéad lá an aontachais mura bhforálfar iontu do dháta níos déanaí. Ní choimeádfar na bearta ar bun níos faide ná mar is fíorghá agus, ar aon chuma, tarscaoilfear iad nuair a leigheasfar na heasnaimh. Féadfar iad a chur i bhfeidhm, áfach, thar an tréimhse atá sonraithe sa chéad mhír fad a sheasfaidh na heasnaimh sin. Mar fhreagra ar dhul chun cinn arna dhéanamh ag an mBallstát nua i dtrácht i gceartú na n-easnamh arna sainaithint, féadfaidh an Coimisiún na bearta a oiriúnú mar is iomchuí tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas in am trátha sula ndéanfaidh sé na rialacháin Eorpacha agus na cinntí Eorpacha lena mbunófar na bearta coimirce a chúlghairm agus tabharfaidh sé aird chuí ar aon bharúlacha ón gComhairle i dtaca leis sin.

*Airteagal 39*

1. Más rud é, ar bhonn fhaireachán leanúnach an Choimisiúin ar ghealltanais arna nglacadh ar láimh ag an mBulgáir agus ag an Rómáin i gcomhthéacs na gcaibidlí aontachais agus go háirithe ar bhonn na dtuarascálacha faireacháin ón gCoimisiún, go bhfuil fianaise shoiléir ann gurb é an riocht atá ar na hullmhúcháin i dtaca leis an acquis a ghlacadh agus a chur chun feidhme sa Bhulgáir nó sa Rómáin go bhfuil baol tromchúiseach ann go bhfuil ceachtar den dá Stát neamhullamh go follasach ceanglais na ballraíochta a chomhlíonadh faoi dháta aontachais an 1 Eanáir 2007 i roinnt réimsí tábhachtacha, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar bhonn molta ón gCoimisiún, a chinneadh go ndéanfar dáta aontachais an Stáit sin a iarchur de bhliain amháin go dtí an 1 Eanáir 2008.

2. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar bhonn molta ón gCoimisiún, an cinneadh dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i leith na Rómáine má breathnaíodh easnaimh thromchúiseacha i gcomhall ag an Rómáin de cheann amháin nó níos mó de na gealltanais agus na ceanglais atá liostaithe in Iarscríbhinn IX, pointe I.

3. D'ainneoin mhír 1 agus gan dochar d'Airteagal 37, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar bhonn molta ón gCoimisiún agus tar éis measúnú mionsonraithe a dhéanfar i bhfómhar 2005 ar an dul chun cinn arna dhéanamh ag an Rómáin i réimse an bheartais iomaíochta, an cinneadh dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i leith na Rómáine má breathnaíodh easnaimh thromchúiseacha i gcomhall ag an Rómáin de na hoibleagáidí arna nglacadh ar láimh faoin gComhaontú Eorpach [1] nó de cheann amháin nó níos mó de na gealltanais agus na ceanglais atá liostaithe in Iarscríbhinn IX, pointe II.

4. Má ghlactar cinneadh faoi mhír 1, 2 nó 3, cinnfidh an Chomhairle láithreach, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, cibé oiriúnuithe ar an bPrótacal seo, lena n-áirítear a Iarscríbhinní agus a Fhoscríbhinní, a bheidh sár-riachtanach de thoradh an chinnidh i dtaca le hiarchur.

---

[1] Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Rómáin, den pháirt eile (IO L 357, 31.12.1994, lch. 2)

*Airteagal 40*

Chun nach gcuirfear treampán ar oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh, ní thiocfaidh rialuithe teorann idir Ballstáit as forfheidhmiú rialacha náisiúnta na Bulgáire agus na Rómáine i rith na n-idirthréimhsí dá dtagraítear in Iarscríbhinní VI agus VII.

*Airteagal 41*

Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann sa Bhulgáir agus sa Rómáin go dtí an córas a leanfaidh ón gcomhbheartas talmhaíochta a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa Phrótacal seo, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1784/2003 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 maidir le comheagraíocht na margaí i ngránaigh [1], nó, mar is iomchuí, sna hAirteagail chomhfhreagracha de na Rialacháin eile maidir le comheagraíocht na margaí talmhaíochta nó sna dlíthe Eorpacha a ghabhann a n-ionad nó i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme. Féadfar na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear san Airteagal seo a ghlacadh i rith tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an tréimhse sin. Féadfar an tréimhse sin a fhadú le dlí Eorpach ón gComhairle. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Na bearta idirthréimhseacha a bhaineann le cur chun feidhme na n-ionstraimí maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta, nach bhfuil sonraithe sa Phrótacal seo agus atá riachtanach de thoradh an aontachais, bunófar iad roimh dháta an aontachais le rialacháin Eorpacha nó le cinntí Eorpacha arna nglacadh ag an gComhairle ar thogra ón gCoimisiún nó, nuair a dhéanann siad difear d'ionstraimí arna nglacadh i dtosach ag an gCoimisiún, le rialacháin Eorpacha nó le cinntí Eorpacha arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta is gá chun na hionstraimí i dtrácht a ghlacadh.

*Airteagal 42*

Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann sa Bhulgáir agus sa Rómáin go dtí an córas a leanfaidh ó rialacha Aontais tréidliachta, fíteasláintíochta agus sábháilteachta bia a chur i bhfeidhm, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme. Déanfar na bearta sin a ghlacadh i rith tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an tréimhse sin.

CUID A CÚIG

## FORÁLACHA I dTAOBH AN PRÓTACAL SEO A CHUR CHUN FEIDHME

TEIDEAL I

## NA hINSTITIÚIDÍ AGUS NA COMHLACHTAÍ A CHUR AR BUN

*Airteagal 43*

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

*Airteagal 44*

Déanfaidh an Chomhairle cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

*Airteagal 45*

Ceapfar náisiúnach de gach Ballstát nua don Choimisiún amhail ó dháta an aontachais. Ceapfaidh an Chomhairle comhaltaí nua an Choimisiúin, de chomhthoil le hUachtarán an Choimisiúin, tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach in Airteagal I-26(4) den Bhunreacht.

Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí a cheapfar amhlaidh in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

(1) IO L 270, 21.10.2003, lch. 78.

*Airteagal 46*

1. Ceapfar beirt Bhreithiúna don Chúirt Bhreithiúnais agus ceapfar beirt Bhreithiúna don Chúirt Ghinearálta.

2. Rachaidh téarma oifige duine de Bhreithiúna na Cúirte Breithiúnais a cheapfar i gcomhréir le mír 1 in éag an 6 Deireadh Fómhair 2009. Is trí chrannchur a roghnófar an Breitheamh sin. Rachaidh téarma oifige an Bhreithimh eile in éag an 6 Deireadh Fómhair 2012.

Rachaidh téarma oifige duine de Bhreithiúna na Cúirte Ginearálta a cheapfar i gcomhréir le mír 1 in éag an 31 Lúnasa 2007. Is trí chrannchur a roghnófar an Breitheamh sin. Rachaidh téarma oifige an Bhreithimh eile in éag an 31 Lúnasa 2010.

3. Déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta, le comhaontú na Cúirte Breithiúnais, cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

Is gá toiliú ón gComhairle a bheith leis na Rialacha Nós Imeachta mar atá arna n-oiriúnú.

4. Chun breithiúnas a thabhairt i gcásanna a bheidh ar feitheamh os comhair na gCúirteanna ar dháta an aontachais agus ar tionscnaíodh imeachtaí ó bhéal ina leith roimh an dáta sin, is sa chomhdhéanamh a bhí orthu roimh an aontachas a shuífidh na Cúirteanna i seisiún iomlánach nó na Dlísheomraí agus cuirfidh siad na Rialacha Nós Imeachta céanna i bhfeidhm a bhí i bhfeidhm an lá roimh dháta an aontachais.

*Airteagal 47*

Ceapfar náisiúnach de gach Ballstát nua don Chúirt Iniúchóirí amhail ó dháta an aontachais ar feadh téarma oifige sé bliana.

*Airteagal 48*

Cuirfear le líon Choiste na Réigiún trí 27 comhalta a cheapadh a ionadaíonn comhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla sa Bhulgáir agus sa Rómáin a bhfuil sainordú toghchánach acu i gcomhlacht réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí a cheapfar amhlaidh in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

*Airteagal 49*

Cuirfear le líon an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta trí 27 comhalta a cheapadh a ionadaíonn na heilimintí éagsúla eacnamaíocha agus sóisialta den tsochaí shibhialta eagraithe sa Bhulgáir agus sa Rómáin. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí a cheapfar amhlaidh in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

*Airteagal 50*

A luaithe is féidir tar éis an aontachais, déanfar na hoiriúnuithe is gá de thoradh an aontachais ar reachtanna agus rialacha nós imeachta na gCoistí arna mbunú leis an mBunreacht.

*Airteagal 51*

1. Déanfar comhaltaí nua de na coistí, na meithleacha nó na comhlachtaí eile arna gcruthú leis an mBunreacht nó le gníomh de chuid na n-institiúidí a cheapadh faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos do cheapadh chomhaltaí na gcoistí, na meithleacha nó na gcomhlachtaí eile sin. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí a cheapfar amhlaidh in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

2. Déanfar na coistí nó na meithleacha arna gcruthú leis an mBunreacht nó le gníomh de chuid na n-institiúidí a ndéantar líon a gcomhaltaí a shocrú gan spleáchas do líon na mBallstát a athnuachan go hiomlán amhail ón aontachas, mura rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí láithreacha in éag i rith na bliana tar éis an aontachais.

TEIDEAL II

## INFHEIDHMEACHT GHNÍOMHARTHA NA nINSTITIÚIDÍ

*Airteagal 52*

Amhail ón aontachas, measfar gur díríodh chuig an mBulgáir agus chuig an Rómáin dlíthe réime Eorpacha, rialacháin Eorpacha agus cinntí Eorpacha de réir bhrí Airteagal I-33 den Bhunreacht agus treoracha agus cinntí de réir bhrí Airteagal 249 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus Airteagal 161 de Chonradh CEFA, ar chuntar gur díríodh na dlíthe réime Eorpacha, na rialacháin Eorpacha agus na cinntí Eorpacha sin, agus na treoracha agus na cinntí sin chuig gach Ballstát láithreach. Ach amháin i gcás cinntí Eorpacha a tháinig i bhfeidhm de bhun Airteagal I-39(2) den Bhunreacht agus i gcás treoracha agus cinntí a thagann i bhfeidhm de bhun Airteagal 254(1) agus (2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, measfar go bhfuair an Bhulgáir agus an Rómáin fógra i dtaobh na gcinntí Eorpacha sin agus na dtreoracha agus na gcinntí sin amhail ón aontachas.

*Airteagal 53*

1. Cuirfidh an Bhulgáir agus an Rómáin in éifeacht na bearta is gá chun go gcomhlíonfaidís, ó dháta an aontachais, forálacha dlíthe réime Eorpacha, forálacha na rialachán Eorpach sin atá ina gceangal maidir leis an toradh atá le gnóthú ach lena bhfágtar faoi na húdaráis náisiúnta foirm agus modhanna a roghnú de réir bhrí Airteagal I-33 den Bhunreacht, agus forálacha na dtreoracha agus na gcinntí de réir bhrí Airteagal 249 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus Airteagal 161 de Chonradh CEFA, mura bhforáiltear teorainn ama eile sa Phrótacal seo. Cuirfidh siad na bearta sin in iúl don Choimisiún tráth nach déanaí ná dáta an aontachais nó, más iomchuí, laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear sa Phrótacal seo.

2. A mhéad a éilíonn leasuithe ar na treoracha de réir bhrí Airteagal 249 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus Airteagal 161 de Chonradh CEFA arna dtabhairt isteach leis an bPrótacal seo modhnú ar fhorálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin na mBallstát láithreach, cuirfidh na Ballstáit láithreacha in éifeacht na bearta is gá chun go gcomhlíonfaidís, ó dháta an aontachais, na treoracha arna leasú, mura bhforáiltear teorainn ama eile sa Phrótacal seo. Cuirfidh siad na bearta sin in iúl don Choimisiún faoi dháta an aontachais nó, más déanaí, laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear sa Phrótacal seo.

*Aiteagal 54*

Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin atá ceaptha chun cosaint a áirithiú, ar chríoch na Bulgáire agus na Rómáine, do shláinte na n-oibrithe agus an ghnáthphobail in aghaidh na gcontúirtí a thig ó radaíochtaí ianúcháin, cuirfidh na Stáit sin i bhfios don Choimisiún iad, i gcomhréir le hAirteagal 33 de Chonradh CEFA, laistigh de thrí mhí ón aontachas.

*Airteagal 55*

Ar iarraidh chuí-réasúnaithe a bheith tíolactha don Choimisiún ag an mBulgáir nó ag an Rómáin tráth nach déanaí ná dáta an aontachais, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, nó an Coimisiún más eisean a ghlac an gníomh bunaidh, rialacháin Eorpacha nó cinntí Eorpacha a ghlacadh lena mbunófar maoluithe sealadacha ar ghníomhartha na n-institiúidí arna nglacadh idir an 1 Deireadh Fómhair 2004 agus dáta an aontachais. Glacfar na bearta i gcomhréir leis na rialacha vótála a rialaíonn glacadh an ghnímh a n-iarrtar maolú sealadach air. Má ghlactar na maoluithe sin tar éis an aontachais, féadfar iad a chur i bhfeidhm amhail ó dháta an aontachais.

*Airteagal 56*

Más gá gníomhartha na n-institiúidí arna nglacadh roimh an aontachas a oiriúnú de thoradh an aontachais agus mura bhforáiltear do na hoiriúnuithe riachtanacha sa Phrótacal seo ná ina Iarscríbhinní, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, nó an Coimisiún más eisean a ghlac an gníomh bunaidh, na gníomhartha is gá a ghlacadh chun na críche sin. Má ghlactar na hoiriúnuithe sin tar éis an aontachais, féadfar iad a chur i bhfeidhm amhail ó dháta an aontachais.

*Airteagal 57*

Mura bhforáiltear a mhalairt, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha a ghlacadh lena mbunófar na bearta is gá chun forálacha an Phrótacail seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 58*

Amhail ó dháta an aontachais, is téacsanna comhúdarásacha, faoi na coinníollacha céanna leis na téacsanna arna dtarraingt suas sna teangacha oifigiúla láithreacha, téacsanna ghníomhartha na n-institiúidí arna nglacadh roimh an aontachas agus arna dtarraingt suas ag an gComhairle, ag an gCoimisiún nó ag an mBanc Ceannais Eorpach sa Bhulgáiris agus sa Rómáinis. Foilseofar iad in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh má foilsíodh amhlaidh na téacsanna sna teangacha láithreacha.

TEIDEAL III

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 59*

Is cuid dhílis den Phrótacal seo Iarscríbhinní I go IX agus na Foscríbhinní a ghabhann leo.

*Airteagal 60*

Cuirfidh Rialtas Phoblacht na hIodáile chuig Rialtas Phoblacht na Bulgáire agus Rialtas na Rómáine cóip dheimhnithe den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus de na Conarthaí á leasú nó á bhforlíonadh, sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris.

Cuirfear téacs an Chonartha sin, arna tharraingt suas sa Bhulgáiris agus sa Rómáinis, i gceangal leis an bPrótacal seo. Is téacsanna comhúdarásacha faoi na coinníollacha céanna le

téacsanna an Chonartha dá dtagraítear sa chéad mhír arna dtarraingt suas sna teangacha láithreacha na téacsanna sin.

*Airteagal 61*

Cuirfidh an tArdrúnaí chuig Rialtas Phoblacht na Bulgáire agus Rialtas na Rómáine cóip dheimhnithe de na comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtaisceadh i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.